An Roinn Oideachais
Department of Education

**Nóta Faisnéise TC/IN 0006/2023**

**Chuig: Údaráis Bhainistíochta Bunscoileanna, Meánscoileanna, Pobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha Aitheanta agus chuig Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna**

# Athruithe sealadacha ar an Scéim Postroinnte le haghaidh Múinteoirí Cláraithe atá fostaithe i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna Aitheanta - Scoilbhliain 2023/24

## 1. Réamhrá

1.1 Mar fhreagairt ar shaincheisteanna a ardaíodh maidir le soláthar múinteoirí, cuireadh an srian a bhain le múinteoireacht ionaid a fhostú sa Scéim Postroinnte mar atá i gCaibidil 8 (Alt 11.1(a)) de Chiorclán 54/2019 ar fionraí do na scoilbhlianta 2021/22 agus 2022/23. Cuirtear in iúl sa Nóta Faisnéise seo go gcuirfear an srian ar fionraí don scoilbhliain 2023/24 freisin.

1.2 Is féidir múinteoir Postroinnte a fhostú anois chun oibriú mar ionadaí i scoil ar bith, le linn na tréimhse nach bhfuil siad ar dualgas ar an gclár ama.

## 2. Socruithe Pá

2.1 Íocfar an ráta pearsanta pá (lena n-áirítear liúntais phearsanta) le múinteoir Postroinnte atá fostaithe mar ionadaí.

2.2 Áireofar teagasc ionadaíochta dá leithéid i dtreo dul chun cinn ar an scála incriminteach tuarastail agus ar an aoisliúntas. Tá sé seo faoi réir an cheanglais nach féidir le múinteoir Postroinnte dul ar aghaidh go dtí an chéad phointe incriminteach eile ar an scála go dtí 365 lá ar a laghad tar éis bhronnadh na hincriminte deiridh.

2.3 Níl cead ag múinteoir Postroinnte a dhéanann obair phostroinnte agus obair ionadaíochta araon uaslíon na n-uaireanta conartha seachtainiúla atá ag múinteoir lánaimseartha a shárú.

## 3. Scaipeadh an Nóta Faisnéise

3.1 Cinntigh le do thoil go scaiptear an Nóta Faisnéise seo ar gach comhalta den Bhord Bainistíochta/de na Boird Oideachais agus Oiliúna agus go ndírítear aird na múinteoirí go léir atá fostaithe agat, lena n-áirítear iad siúd ar saoire neamhláithreachta, ar a bhfuil ann.

3.2 Tagann an Nóta Faisnéise seo in ionad Nóta Faisnéise TC 0007/2022.

3.3 Is féidir an Nóta Faisnéise seo a rochtain ar láithreán gréasáin na Roinne ag www.gov.ie

**James Walsh**
**Príomhoifigeach**
**Aonad Múinteoirí/CRS – Téarmaí agus Coinníollacha**

**13 Iúil 2023**